

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadadh</b>	T43
<b>Ainm an Agallaí</b>	Francie Harkin
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónal Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	15/8/2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	Bailte Fraoch, An Clochán
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis
<b>Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.</b>	

**(gáire)****(sos)****(--) , Tosach lochtach****'\_\_\_\_\_, Focal dothuigthe****'\_\_\_\_,+ Níos mó ná focal amháin dothuigthe****.... Beirt ag caint ag an am amháin****[ ] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir**

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** In, in Bailte, Bailte Fraoch agus tá mé ag gabháil a thógáil seanchas Francie Harkin inniu. Agus Francie tá léir, léir sean scéalta de achan tsóirt agat agus creidim go dtosóidh muid leis na sean scéalta a d'fhoghlaim tú ó d'athair a Francie.

**FRANCIE:** Mmm? Tá, sean scéalta agamsa den tsean am, sean scéalta ó m'athair nuair a bhí sé, bhí sé ina *undertaker* agus bhí sé creidim cuid mhaith blianta ar sin agus rinne sé cuid mhór siúltaí san am sin. Bhí sé, chuaigh sé go Doire fá choinne corp fhear amháin agus le beithíoch amháin agus *hearse* agus bheithíoch agus *em*, tháinig sé ar ais a fhad leis an Chlochán agus d'athraigh sé beithíoch ar an Chlochán agus chuaigh sé go Leitir Mac a Bhaird leis an chorp, an fhear sin, agus tháinig sé ar ais agus fuair sé 15 scilling ar shon an *run* a dhéanamh uilig. Sin a chuid, chuid, deireadh, deireadh airgid a fuair sé. Agus tá traidhfil eile scéalta agam ó m'athair agus bhí sé, an t-am is, a bhí an *flu* mór ann, bhí sé, an-rud daoine ag fáil bháis agus an oíche seo fuair beirt bás in sa teach amháin agus ní raibh sé ábalta iad a chur isteach in sa *hearse*, ní raibh a fhios aige caidé a dhéanamh sé agus bhí an carr aige ansin agus fuair sé an carr eile agus chur sé cónair ar achan taobh do agus cheangail sé le rópa iad agus shuigh sé féin sa ***dickie?***, agus bhí sé ag teacht anuas an bealach mór agus thart fá, fan, fan, thart fan '***Gháilmhullaigh?***', bhí sé ina shuí sa ***dickie?*** agus bhí sé gabháil cheoil "*Goodbye Johnny*"(gáire) ....

**DÓNALL:** .... (Gáire)....

**FRANCIE:** .... agus bhí bean, bhí bean amháin, bhí sí, bhí sí ina seasamh ar an urlár agus dúirt sí leis an fhear, le fear an tigh, "sílim", a deir sí, "go bhfuil deireadh an tsaoil ann. Tá Paidí Francie ar shiúl soir, thoir sa *dickie?*, tá cónair ar achan taobh de agus tá sé gabháil cheoil "*Goodbye Johnny*" "(gáire) agus sin chuid mhór den scéal sin. Agus, á, tá, tá tuilleadh scéalta agam fá dtaobh de, bhí sé ag caint, bhí sé, , maidin, an lá seo bhí sé ar shiúl an-luath ar maidin, bhí sé ag gabháil síos go Stranorlar/Srath an Urláir le beithíoch capaill, gabháil a dhíol bheithíoch an chapaill. Ach an lá roimhe sin rinne sé tórramh in sa teach seo ar scor ar bith agus an fear a, an fear a chur sé an lá roimhe, bhí sé amuigh ag an *spout* agus bhí sé ag nighe préataí, stop an beithíoch, ní rachadh an beithíoch níos faide agus bhí cros chroit in sa, ina phóca agus thug sé amach an chros agus shiúl an fear isteach an tí agus shiúl an beithíoch leis. Sin scéal eile a bhí aige (gáire). Agus níl mórán eile scéalta agam ach, fá dtaobh de, sin choir a bheith deireadh a bhfuil annanois.

**DÓNALL:** *But* bhí seisean ag gabháil den, den obair sin le blianta.

**FRANCIE:** Mmm?

**DÓNALL:** Bhí sé ag gabháil den obair sin blianta, nach raibh?

**FRANCIE:** Bhí cinnte. Bhí sé ar an obair sin leis na blianta sin. Bhí. Á ní raibh, tá dearmad déanta agam de chuid mhór de na scéalta seo ach sin. D'oibir sé go measartha crua agus ní raibh mórán airgid san am sin. D'oibir mise mé féin ar an *County Council* anseo agus níl a fhios agam cé na blianta a bhí sé anois ach ní raibh, ní raibh ach, ní raibh ach seachtar, chaithfeá oibriú ar na sé lá, ón 8 a chlog ar maidin go dtí an 6 a chlog tráthnóna agus ón 1 a chlog Dé Sathairn agus deireadh pháigh a gheofá ar shon an choicís *was £5* in sa choicís, ní raibh mórán airgid ag gabháil san am sin.

**DÓNALL:** Cé na blianta a bhí ansin a Francie?

**FRANCIE:** Ó, blianta, deich is, deich is fiche, tríocha, deich is fiche. *Gorra* bhí sé scanraíd ná ní raibh pingneacha ar bith ag duine ar bith.

**DÓNALL:** Agus sin, sin an rud ar thosaigh tusa a dhéanamh nuair a d'fhág tú an scoil a Francie?

**FRANCIE:** Mmm?

**DÓNALL:** Ar thosaigh tú, chuaigh tú díreach isteach ansin nuair a d'fhág tú an scoil?

**FRANCIE:** *Aye, that's right,* bhí.

\*\*\*\*\*

**FRANCIE:** Agus bhí achan rud *eh, eh*, sa bhaile a raibh mise i mo chónaí ann i **Mín Harry?**, bhí 32 teach ann....

**DÓNALL:** .... Sea.

**FRANCIE:** Sa bhaile, sa bhaile sin. Agus anois níl ann ach dhá chónaí .

**DÓNALL:** Tá siad uilig ar shiúl.

**FRANCIE:** Tá deireadh ar shiúl, cuid mhór acu a fuair bás, cuid mhór acu, tá, d'imigh siad, chuaigh siad go Meiriceá agus chuaigh siad ar shiúl thart achan áit. Shiúil mise mé féin cuid mhór den chon..., den, den tír, bhí mé amuigh sna hIndiacha, chaith mé cúig bliana sna hIndiacha agus bhí sé crua, an-te, san am sin agus bhí sé thar an, thar an 30, sa *temperature*, an-chrua. Bhí mé, bhí mé amuigh ansin cúig bliana.

**DÓNALL:** Caidé an cineál oibre a bhí tú a dhéanamh ansin a Francie?

**FRANCIE:** Bhí mé ag amharc, bhí mé ag déanamh bia do mo chuid, do na fir a bhí liom, bhí *crowd* mór acu an, bhí mise *caterer*/daofa, i rith an ama a bhí mé amuigh.

**DÓNALL:** Bé sin sa *Navy* a bhí tú nó san *Army*?

**FRANCIE:** *Airforce*.

**DÓNALL:** *Airforce*.

**FRANCIE:** *Yeah*.

**DÓNALL:** *Right*.

**FRANCIE:** Bhí mé san *airforce* agus, agus bhí na daoine a bhí ann, bhí siad an-bhocht, ní raibh pingin acu le caitheamh, ní raibh airgead acu, ní raibh bia acu agus ní raibh éadach acu le cur orthu féin. Chonaic mise iad in Bombay agus ní raibh snáithe acu le cur orthu féin ach bhí ceathrar acu ag obair liomsa, bhí mise *in charge* ar an, ar an *chooka*/agus bhí ceathrar acu liomsa agus ní raibh oiread den cheathrar acu, *cooka*/idir 14 a bhí againne san áit a raibh sinne agus bhí mise ina *boss* ar scor ar bith. Agus *eh*. Agus ar scor ar bith bhí, bhí ceathrar acu agam ag obair liom *so* nuair a chuaigh mé isteach acu ar scor ar bith, d'inis mé daofa caidé, caidé a bhí siad ag gabháil a dhéanamh, go raibh siad, go dtiocfadh leofa, beirt acu a ghabháil air inniu agus beirt eile amárach agus an lá a chaitheamh, an darna lá agus sin an dóigh a raibh sé againn, bhí beirt acu air inniu agus bhí an bheirt sin lá, lá arna mhárach, bhí siad dó agus bhuel ansin, bhí an bheirt eile air. Rinne mé sin fhad, cúpla bliain agus bhí, bhí siad, déanadh siad rud ar bith domh. Is minic a, is iomaí maidin a fuair mé mo bhricfeasta i mo luí ar mo leaba. Bhí siad an-mhaith domsa ach bhí mise an-mhaith daofasan festa.

**DÓNALL:** Bhí tú.

**FRANCIE:** Ó. Bhí siad, agus achan Aoine rachadh sinn amach na bhaile mhóir agus cheannódh sinn *extra* bia agus bhí siad ag gabháil mar a, ach bhí siad go han-mhaith. Ach Lá Nollag, 1944, bhí muid amuigh ins an fharraige ag snámh, ins an fharraige, Lá Nollag, bhí muid amuigh san fharraige ag snámh, bheadh sé b'fhéidir i dtrátha, ó bheadh sé creidim, 30 chóir a bheith, is mór ár sárú ar shon, as Dún na nGall (gáire)....

**DÓNALL:** ....Ó nach rud é....

**FRANCIE:** ....as Dún na nGall go hIndiaacha.

**DÓNALL:** Sé.

**FRANCIE:** *Eh?* Ach tháinig mé anall ansin ar, ar, ar an, b'éigean dúinn a ghabháil go Bombay nuair a bhí muid ag teacht ar ais. Agus tháinig muid ar ais, bhí muid ar long, 21 lá, as Bombay go, go Sasain, 21 lá a bhí muid ar an long. Ag teacht ar ais. Bhí thar ché..., choir a bheith, creidim go raibh i dtrátha sé ná seacht chéadtaí daoine uirthi. Agus bhí sé ina *journey* fhada.

**DÓNALL:** Bhí sé.

**FRANCIE:** Agus, an oíche ina mhárach bhí mé ar an long bheag, teacht go, teacht ar ais i ndiaidh an *stage* mór a chur mé isteach (gáire).

**DÓNALL:** Agus cé mhéid bliain a chaith tú amuigh ansin?

**FRANCIE:** Cúig bliana.

**DÓNALL:** Cúig bliana.

**FRANCIE:** Bhí mé amuigh cúig bliana san, *aye*. Ó bhí sé fada, *aye*, ba shin é. *So sin* chóir a bheith na scéalta a bhfuil agam.

\*\*\*\*\*

**AMHRÁN: Mo Chró Beag ag Bun Chnoc an Tí.**

**FRANCIE:**

Is iomaí áit álainn in Éirinn,  
Le file, lucht foghlaim faoi cháil,  
Ach measaim cuid gleanntáin Thír Chonaill  
An áit ann is deise le fáil.

Is cha dtabharfainn ar chorón Rí Éamonn  
A mara 's a stór mianach buí,  
In mo chónaí bheag féin i dTír Chonaill  
In mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

Ná labhair liom fán thír seo a fhágáil,  
Is imeacht thar sáile anonn,  
Nó b'fhearr liom a bheith beo bocht in Éirinn  
Ag mo chailín beag dóighiúil deas donn.

'N áit a bhfaighinn umhlú Dé Domhnaigh  
Agus paidir a chur ó mo chroí,  
Le hanam mo shinsear a thóg mé  
I mo chró beag ag bun Chnoc an Tí.

\*\*\*\*\*

## AMHRÁN: An Croppy Boy

### FRANCIE:

Sínte ar thaobh an tsléibhe,  
Chonaic mé an croipí bocht,  
Bhí an drúcht go trom ar a éadan  
Agus bhí piléar ina ucht.

Bhí sé i bhfad óna chairde,  
I bhfad óna mhnaoi  
Agus é leis féin  
Agus é fágtha ar an féar, fuar, fliuch ina luí.

In sa mbotháinín sléibhe,  
Bhí a bhean ag gabháil is ag caoi,  
Ag caoineadh ar son a céile,  
Nach dtiocfaidh ar ais a choích'.

A mháthair, ná bí ag caoineadh,  
Ná bí ag briseadh do chroí,  
Ní fada go bhfillfidh dada,  
Suigh síos agus déan do scíth.

Ní fhéadaim a mhic, ní fhéadaim,  
Tá cnapán mór ar m'ucht,  
B'fhéidir gur páiste gan athair,  
Tú féin a mhic anocht.

D'fhan sé in san áit ar thit sé,  
An piléar ina ucht,  
Is ná silfidh Éirinn aon deoirín,  
Ar son ár saighdiúr bhocht?

**DÓNALL:** Is tú an buaí fir a Francie.

**FRANCIE:** Mmm.

**DÓNALL:** Sin dán galánta, tá cuimhne mhaith agat.

**FRANCIE:** (Gáire) Nach bhfuil sin maith?

**DÓNALL:** Tá sin maith. Buaí fir.

\*\*\*\*\*